# Bainisteoir Forbartha Gnó

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh sainchuspóra suas le 3 bliana do Bainisteoir Forbartha Gnó do gteic@ Uíbh Ráthaigh.**

**An Ról:**

- Plean forbartha straitéiseach a fhorbairt do Gteic@ Uíbh Ráthaigh
- Clár Oibre Bhliantúil a aontú chun tacú le riachtanais forbartha agus leathnaithe FBManna agus Micri-Fiontair agus cuidiú freisin le fiontraithe chun ghnóthaí nua a fhorbairt
- Deiseanna nua fostaíochta inbhuanaithe agus forbartha gnó a chruthú agus cláir oiliúna agus forbartha scileanna a reáchtáil
- Plean margaíochta agus fógraíochta a chur i bhfeidhm chun gteic@ Uíbh Ráthaigh a chur chun cinn agus a fhorbairt mar phríomh-ionad infheistíochta d'fhorbairt fiontraíochta i réigiún Chiarraí Theas
- Plean airgeadais a bhainistiú do gteic@ Uíbh Ráthaigh agus monatóireacht a dhéanamh ar bhuiséid
- Ról ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt agus bainistiú an Ghréasáin Gteic i gCúige Mumhan

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Cáilíocht ábhartha 3ú Leibhéal (ar a laghad ag Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí)
- Taithí gairmiúil ábhartha trí bliana ar laghad i réimse na forbartha fiontraíochta agus fiontraíochta; pleanáil eacnamaíoch; riarachán agus bainistíocht phoiblí; disciplíní innealtóireachta nó eolaíochta
- Beidh eolas inniúil ar na cleachtais ghnó acu, ar bhainistíocht airgeadais agus ar theicneolaíochtaí ábhartha chun dul i dteagmháil le comhpháirtithe éagsúla in earnálacha éagsúla tráchtála agus trádála
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.
- Ceadúnas iomlán tiomána glan

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin idir €55,996 - €70,522 ag dul leis an bpost. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an té a cheapfar freagrach do Cheannasaí Réigiúnach an Údaráis i gCúige Mumhan. Beidh rogha ag an té a cheapfar an clár oibre a chuir i bhfeidhm agus í/é lonnaithe idir an Gteic i mBaile an Sceilg, Co. Chiarraí agus Oifigí an Údaráis i gCúige Mumhan.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie
https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar 15ú Bealtaine, 2024**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*